Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2022
(OR. en)

5634/22
PV CONS 4

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

25 Eanáir 2022

# CLÁR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ........ 3

2. Formheas na míreanna 'A' ........ 3
   (a) Liosta de ghníomhaíochtaí neamhreachtacha
   (b) Liosta don phlé reachtach

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Tosaíochtaí Uachtaránacht na Fraince ........ 4

**Plé reachtach**

4. Pacáiste reachtach maidir leis 'an daonlathas agus an tsláine le linn toghchán a neartú' ........ 4

5. Aon ghnó eile ........ 4

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

6. An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ........ 5

7. COVID-19: comhordú ar leibhéal an Aontais ........ 5

8. An caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ........ 5

9. Aon ghnó eile ........ 5

IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ........ 6


***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5477/22.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta de ghníomhaíochtaí neamhreachtacha** 5478/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 5478/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

**(b) Liosta don phlé reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 5479/22

Ceartas agus Gnóthaí Baile

**1. Treoir lena leasaítear Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena hailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint** ❶ C 5258/22 PE-CONS 77/21 COPEN
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2), an 21 Eanáir 2022

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 16(2) CFAE)

**2. Treoir lena leasaítear Treoir 2014/41/AE, a mhéid a bhaineann lena hailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint** ❶ C 5259/22 PE-CONS 78/21 COPEN
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2), an 21 Eanáir 2022

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 16(2) CFAE)

Sláinte

**3. Rialachán maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis** ❶C 5439/22 + ADD 1 PE-CONS 76/21 SAN
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1), an 19 Eanáir 2022

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagail 114 agus 168(4) CFAE)

Leagtar ráiteas ón Ungáir amach san Iarscríbhinn.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

**3. Tosaíochtaí Uachtaránacht na Fraince** 3
*Cur i láthair ón Uachtaránacht*
*Malartú tuairimí*

Leag an Uachtaránacht amach na tosaíochtaí dá téarma, go háirithe maidir le hobair na Comhairle Gnóthaí Ginearálta. Is i seisiún poiblí a pléadh an mhír sin.

## Plé reachtach
## (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**4. Pacáiste reachtach maidir leis 'an daonlathas agus an tsláine le linn toghchán a neartú'** ❶C 5172/22 + COR 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an bpacáiste reachtach.

**5. Aon ghnó eile**

Níor tarraingíodh aon saincheist anuas faoin mír seo.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

6. An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa
   *Faisnéis ón Uachtaránacht*
   *Malartú tuairimí*

7. COVID-19: comhordú ar leibhéal an Aontais
   *Staid na himeartha*

8. An caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe
   *Staid na himeartha*

9. Aon ghnó eile

---

❶ An chéad léamh

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[3] Plé poiblí (Airteagal 8(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

---

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 5479/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léiríonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'ghnéas', sa Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis.'